Cor Poist ón nGaelAonad Iar-bhunscoile do Mheitheamh 2025

A Chairde,

Tá súil againn go bhfuil cúrsaí go maith libh agus sinn ag druidim i dtreo dheireadh na scoilbhliana seo. Seo chugaibh cor poist na míosa seo ón nGaelAonad Iar-bhunscoile. Guímid gach rath ar na scoláirí atá ag tabhairt faoi na scrúduithe Stáit agus oraibh do laethanta saoire an tSamhraidh. Táimid ag tnúth le bheith ag obair libh arís an scoilbhliain seo chugainn.

Ó Fhoireann Iar-bhunscoile an GhaelAonaid

Dáta don Dialann



Tá áthas ar Oide a fhógairt go mbeidh an **Tionól Teagaisc, Seimineár Náisiúnta do Mhúinteoirí Gaeilge** ag an iar-bhunleibhéal, á reáchtáil againn ar an **8ú Samhain 2025** in **Óstán Killeshin, Port Laoise, Co. Laoise, R32 TYW7.** Gach bliain bíonn suas le 200 múinteoir i láthair agus seo deis iontach do mhúinteoirí teacht ar níos mó eolais maidir le cúrsaí teagaisc agus foghlama.

Foirm um Léiriú Spéise: Ceardlann a éascú ag Tionól Teagaisc 2025

Ba bhreá le foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile Oide léirithe spéise a fháil ó mhúinteoirí Gaeilge ar mian leo ceardlann a dhearadh agus a éascú ag an **Tionól Teagaisc 2025**, a reáchtálfar ar an **8ú Samhain 2025** in **Óstán Killeshin, Port Laoise, Co. Laoise, R32 TYW7**. Cuirfear fáilte roimh léiriú spéise ó mhúinteoirí a oibríonn i gcomhthéacsanna oideachais éagsúla agus a bhfuil cumas agus inniúlacht acu i scileanna agus eolas a réimsí ábhair gur mian leo cleachtas ar ardchaighdeán i dtaca le Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach ABSA (2022) a roinnt le múinteoirí eile.

Más spéis leat Eispéireas Foghlama Gairmiúla a dhearadh agus a éascú, mar chéad chéim eile líon isteach an fhoirm um léiriú spéise seo roimh an **1ú Meán Fómhair 2025 ag 5.i.n**. Bí ar an eolas gur léiriú spéise amháin é an fhoirm seo a líonadh agus mar gheall ar líon ard iarratas a chuirtear isteach gach bliain, ní féidir glacadh le gach léiriú spéise.

Tá an fhoirm um léiriú spéise ar fáil ag an nasc seo nó tríd an gcód MF a scannadh.

Ádh mór ar na Scoláirí!

Go n-éirí go geal le scoláirí Gaeilge na tíre a bheidh ag tabhairt faoi na Scrúduithe Stát i mí an Mheithimh.

Acmhainn nua ar shuíomh CNCM 'Cuairteoir' le hOrna Ní Choileáin

Tá an tríú hacmhainn, an gearrscéal dar teideal 'Cuairteoir' le hOrna Ní Choileáin in *Sciorann an tAm*, foilsithe anois ar shuíomh CNCM faoin gCiorclán 0070/2024 do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027 agus ina dhiaidh sin.

Is féidir teacht ar an gceann nua seo mar aon leis na cinn eile a foilsíodh i mbliana ag an nasc seo.

Cúrsaí Samhraidh na nIonad Oideachais



Cuireann Ionaid Oideachais sna réigiúin éagsúla cúrsaí oiliúna do mhúinteoirí ar fáil gach aon samhradh agus beidh siad á dtairiscint arís i mbliana. Más maith leat tuilleadh eolas a aimsiú ina dtaobh, tá nasc anseo chuig suíomh náisiúnta na n-ionad oideachais.

Ádh mór ar na Scoláirí!

Go n-éirí go geal le scoláirí Gaeilge na tíre a bheidh ag tabhairt faoi na Scrúduithe Stát i mí an Mheithimh.

Teastas i Múineadh na Gaeilge á reáchtáil ag Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

An múinteoir meánscoile tú? An bhfuil tú ag múineadh na Gaeilge? Ar mhaith leat cur le do chuid scileanna teagaisc agus smaointe nua a fháil don seomra ranga?

Tá Lárionad na Gaeilge in Ollscoil Mhá Nuad ag reáchtáil **Teastas i Múineadh na Gaeilge** – cúrsa páirtaimseartha ar líne. Gheobhaidh tú cabhair, comhairle agus tacaíocht, mar aon le meantóireacht agus aiseolas luachmhar faoi do chuid teagaisc.

Is cúrsa i múineadh na Gaeilge é an cúrsa seo (ní cúrsa teanga é) – pléifear le modheolaíochtaí teagaisc, leis an dea-chleachtas i múineadh teangacha agus le scileanna praiticiúla don seomra ranga. Beidh deis ag rannpháirtithe foghlaim faoi ghnéithe éagsúla de mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge agus an méid a fhoghlaimíonn siad a chur i bhfeidhm ar a gcleachtas féin sa seomra ranga. Cuirfear béim leanúnach ar scileanna praiticiúla a bhaineann le pleanáil éifeachtach agus le dearadh gníomhaíochtaí atá in oiriúint do riachtanais na bhfoghlaimeoirí. Tá tuilleadh eolais le fáil ag an nasc seo.

Tuilleadh eolais: ailin.nichonchuir@mu.ie
Spriocdháta iontrála: 30 Bealtaine 2025.

Tionscadal FCÁT don Ghaeilge

Cur chuige oideachasúil défhócasaithe í FCÁT ina n-úsáidtear ábhar eile chun teanga agus ábhar a fhoghlaim agus a mhúineadh.Freastalaíonn cur chuige FCÁT ar ghnéithe den churaclam a sholáthar trí theanga eile seachas gnáthmheán teagaisc na scoile.

Tá breis eolas agus acmhainní do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar fáil ar shuíomh Oide.

Tá síneadh curtha leis an spriocdháta do léirithe spéis le beidh páirteach san tionscadal sa scoilbhliain 2025/26 **(d'iarbhunscoileanna)**. Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo.

Míle buíochas

Gabhann baill uile Fhoireann na Gaeilge buíochas leat as ucht do chuid dúthrachta agus rannpháirtíochta le linn na scoilbhliana seo. Tréaslaímid leat ó chroí agus guímid gach rath agus sonas ort, agus ar scoláirí do chuidse a bheidh ag tabhairt faoi mheasúnuithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta.

Go mbainfidh tú idir thaitneamh agus tairbhe as an samhradh.

Má ritheann aon cheist leat, fáiltímid roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie

Is muidne le meas,
Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile, Oide.

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.